Dréimire
Seirbhísí Teanga | Language Services

# Treo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge:

# Anailís ar Fhreagraí Suirbhé

arna hullmhú ag Dréimire Teoranta d'Fhoras na Gaeilge

Samhain 2024

## Clár na nÁbhar

Eolas faoi na Freagraí .......... 3
Ceist 1: An bhfuil moltaí chun feabhais agat faoin gcur chuige ginearálta a mholtar sa cháipéis? .......... 3
Ceist 2: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 1 (cumas teanga)? .......... 4
Ceist 3: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 2 (úsáid teanga)? .......... 6
Ceist 4: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 3 (dearcadh teanga)? .......... 7
Ceist 5: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 4 (rialachas Fhoras na Gaeilge)? .......... 8

## Eolas faoi na Freagraí


Fuarthas 73 freagra ar an suirbhé ar an iomlán. Rinneadh na freagraí a rangú mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Freagra neamhleor** | M.sh. 'tá', 'níl', 'ní bhaineann'. |
| **Freagra ginearálta dearfach** | M.sh. 'Aontaím', 'Tá obair iontach ar siúl'. |
| **Freagra ginearálta diúltach** | M.sh. 'Ba cheart fáil réidh leis an nGaeilge', 'Is cur amú airgid é seo'. |
| **Freagra nach mbaineann le hábhar** | Freagra nach mbaineann le hábhar an Treo Straitéisigh (TS), freagra ina léirítear taithí phearsanta amháin, srl. |

Rinneadh moltaí i gcuid de na freagraí atá cheana féin san áireamh sa Treo Straitéiseach (TS). Liostáiltear na freagraí/moltaí sin ag bun na dtáblaí agus cuirtear aibhsiú liath orthu.

## Ceist 1: An bhfuil moltaí chun feabhais agat faoin gcur chuige ginearálta a mholtar sa cháipéis?

Fuarthas 63 freagra ar an gceist seo, agus tugtar léargas sa mír seo ar na 36 freagra bailí a tugadh:





Is é an moladh is coitianta a dhéantar sna freagraí ar an gceist seo ná gur cheart níos mó béime a bheith sa TS ar dheiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge lasmuigh den chóras oideachas:

| Téama/Moladh | Líon Freagraí ina Luaitear é |
|---|---|
| Ba cheart níos mó béime a chur ar dheiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge lasmuigh den chóras oideachas | 4 |
| Grúpaí pleanála teanga/maoinithe:<br>• Imní go bhfágfar faoi cheanneagraíochtaí agus coistí pleanála teanga agus faoi na hOifigigh Pleanála Teanga bearta an TS a chur i bhfeidhm agus nach bhfuil na hacmhainní cuí acu le tabhairt faoi | 3 |

| | |
|---|---|
| • Tuairim nár tugadh dóthain airde ar thuairimí agus ar riachtanais na ngrúpaí pleanála teanga agus na ngrúpaí atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge | |
| Tá an TS rófhada | 3 |
| Ba cheart fís iomlán an TS a shoiléiriú; ba cheart na moltaí/bearta a chur in ord tosaíochta | 2 |
| Níl an TS sách uaillmhianach | 2 |
| Ba cheart níos mó béime a chur ar cheisteanna a bhaineann le reachtaíocht, le polasaithe, le stádas agus le cearta teanga sa TS | 2 |
| Tá sainchúram na gCeanneagraíochtaí róleathan | 1 |
| Ba cheart téarmaí níos neodraí a úsáid le tagairt d'inimircigh, do mhionlaigh agus don phobal aontachtach agus an pholaitíocht a sheachaint | 1 |
| Ba cheart 'Stádas Teanga' a áireamh mar mhórchuspóir straitéiseach sa TS | 1 |
| Ba cheart an TS a nascadh leis an bPlean Fáis | 1 |

## Ceist 2: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 1 (cumas teanga)?

Fuarthas 64 freagra ar an gceist seo:




Tugtar léargas sa mír seo ar na 46 freagra bailí a tugadh, chomh maith le tagairtí a rinneadh do Mhórchuspóir 1 faoi na ceisteanna eile. Is é an tuairim is coitianta maidir leis an Mórchuspóir seo ná go gcaithfear an curaclam Gaeilge sa gcóras oideachais a athdhearadh:


| Téama/Moladh | Líon Freagraí ina Luaitear é |
|---|---|
| Tá gá le cur chuige teagaisc/curaclam na Gaeilge sa gcóras oideachas a athrú (luaitear drámaíocht agus múnla TEFL mar mhodh chun an Ghaeilge a theagasc ar bhealach éifeachtach agus taitneamhach) | 13 |
| Luathoideachas/Oideachas luathbhlianta: | 8 |

| | |
|---|---|
| • Ba cheart níos mó béime a leagan ar an luathoideachas/ar eagraíochtaí luathbhlianta/ar an luath-thumoideachas<br>• Ba cheart go mbeadh liosta uasdátaithe de naíonraí/réamhscoileanna dátheangacha ar fáil do thuismitheoirí | |
| Ba cheart níos mó béime a chur ar dheiseanna foghlama agus úsáide do dhaoine fásta agus do phobail nua sa tír[1] | 7 |
| Tríú Leibhéal & Oiliúint Ghairmiúil:<br>• Ba cheart níos mó aitheantais a thabhairt d'institiúidí tríú leibhéal, go háirithe Fiontar agus Scoil na Gaeilge, DCU<br>• Ba cheart tagairt a dhéanamh do chóras TEG<br>• Ba cheart tagairt a dhéanamh do na Boird Oideachais agus Oiliúna<br>• Ba cheart tagairt don tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, agus níos mó cúrsaí inseirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge agus Gaelscolaíochta<br>• Ba cheart deiseanna comhoibrithe idirnáisiúnta a fhiosrú, go háirithe maidir leis an bhforbairt chorpais<br>• Ba chóir go dtabharfaí aird faoi leith ar na hOllscoileanna Teicneolaíochtaí, mar nach mbíonn mórán béim ar theagasc teangacha iontu | 5 |
| Teastaíonn níos mó tacaíochta ó thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar naíonra nó ar scoil Ghaeilge | 2 |
| Ba cheart tairseach ar líne a fhorbairt ar a gcuirfear eolas ar fáil maidir le ranganna, acmhainní agus scoláireachtaí | 2 |
| Ba cheart tagairt a dhéanamh do thábhacht scéimeanna Ghael Linn (An Gréasán agus Scoil Spreagtha ach go háirithe) | 2 |
| Imní faoin gcaoi ar féidir naíolanna a bhunú tríd an bpróiseas pleanála teanga, ó tharla nach bhfuil maoiniú caipitil ar fáil do na ceanneagraíochtaí pleanála teanga agus nach mbeadh an saineolas ag go leor ceanneagraíochtaí ó thaobh forbairtí luathóige de | 1 |
| Ba cheart go mbeadh sé níos éasca díolúine ón nGaeilge a fháil do pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais orthu | 1 |
| Tá gá le fás in earnáil na Gaelscolaíochta | 4 |
| Is gá feabhas a chur ar chumas Gaeilge roinnt múinteoirí | 4 |
| Ba cheart Téarma.ie a lua, agus forbairt suímh tairsí d'acmhainní digiteacha | 1 |
| Ba cheart béim a chur ar chúrsaí sa riarachán poiblí chomh maith le cúrsaí ETIM | 1 |
| Is gá dul i ngleic le córas na ndíolúintí | 1 |

[1] Ar ndóigh baineann sé seo le Mórchuspóir 2: Úsáid Teanga chomh maith.

## Ceist 3: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 2 (úsáid teanga)?

Fuarthas 61 freagra ar an gceist seo:





Tugtar léargas sa mír seo ar na 48 freagra bailí a tugadh, chomh maith le tagairtí a rinneadh do Mhórchuspóir 2 faoi na ceisteanna eile. Tacaítear go láidir i bhfreagraí an tsuirbhé le cur le húsáid na Gaeilge san earnáil ghnó agus seirbhísí agus sa réimse poiblí, agus leis an sprioc sa TS maidir le lárionaid Ghaeilge:

| Téama/Moladh | Líon Freagraí ina Luaitear é |
|---|---|
| Caithfear úsáid na Gaeilge agus feasacht teanga a ardú san earnáil ghnó/seirbhísí agus i seirbhísí poiblí/Stáit<br>• Seirbhís ardchaighdeáin aistriúcháin ag teastáil chun tacú leis seo<br>• Luaitear Gradaim Ghnó na Gaeilge agus QMharc<br>• Moladh comhoibriú leis na hOifigí Áitiúla Fiontair, le Skillnet Ireland, srl. | 21 |
| Tacaíocht don sprioc a bhaineann leis na lárionaid Ghaeilge<br>• Imní léirithe faoin maoiniú/tacaíocht atá ar fáil do na hionaid Ghaeilge atá ann faoi láthair<br>• Riachtanais éagsúla cainteoirí T1 agus T2 luaite<br>• Luaitear gur ceart go mbeadh na spásanna seo ionchuimsitheach agus fáiltiúil do chách | 12 |
| Ba cheart go mbeadh fáil níos éasca/forleithne ar leabhair Ghaeilge<br>• Taighde ar an léitheoireacht Ghaeilge<br>• Tuilleadh poiblíochta ar théacsanna Gaeilge<br>• Tábhacht acmhainní digiteacha agus téacsleabhar luaite chomh maith | 7 |
| Tacaíocht do na spriocanna a luaitear maidir le cultúr, ealaíona, na meáin agus cúrsaí teicneolaíochta<br>• Moltar tagairt shonrach a dhéanamh don Taibhdhearc: Amharclann Náisiúnta na Gaeilge faoi mhír 2.3.3<br>• Moltar níos mó eolais a thabhairt maidir le comhoibriú le forais chultúrtha agus ealaíon | 5 |
| Ba cheart nasc níos láidre a thógáil leis an CLG chun an Ghaeilge a chur chun cinn | 4 |

| | |
|---|---|
| Caithfear cur le líon na LG ar fud na tíre, agus grúpaí/pobail nua a chumasú le stádas LG a bhaint amach<br>• Gá le tuilleadh maoinithe a chur ar fáil do na LG chun an dara OPT a fhostú | 4 |
| Ba cheart béim a chur ar thacaíochtaí do thuismitheoirí agus do theaghlaigh<br>• Luaitear *Teanga Tí* ach go háirithe | 3 |
| Ba cheart díriú ar an earnáil óige mar thosaíocht<br>• Luaitear campaí iarscoile agus samhraidh Gaeilge | 2 |
| Tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na ceanneagraíochtaí/grúpaí pleanála teanga | 2 |
| Ba cheart an eagraíocht Comhluadar a athbhunú | 1 |
| Aontaítear leis na tacaíochtaí a luaitear d'inimircigh agus do phobail mhionlaigh eile | 1 |
| Níos mó poiblíochta do scéim Cholmcille | 1 |
| Tá gá le níos mó áiseanna ardchaighdeáin (digiteacha) Gaeilge | 5 |
| Teastaíonn tuilleadh deiseanna tarraingteacha úsáide lasmuigh den chóras oideachais | 8 |
| Teastaíonn forbairt ar earnáil na heagarthóireachta Gaeilge | 1 |

## Ceist 4: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 3 (dearcadh teanga)?

Fuarthas 52 freagra ar an gceist seo:





Tugtar léargas sa mír seo ar na 27 freagra bailí a tugadh, chomh maith le tagairtí a rinneadh do Mhórchuspóir 3 faoi na ceisteanna eile. Baineann formhór mór na bhfreagraí faoin gceist seo le bealaí le feasacht teanga a ardú:

| Téama/Moladh | Líon Freagraí ina Luaitear é |
|---|---|
| Tacaíocht d'fheachtais feasachta teanga<br>• Luaitear muintir na Gaeltachta agus baill de phobail mhionlaigh a úsáid sna feachtais | 21 |

| | |
|---|---|
| • Moltar leas a bhaint as tionchairí, réaltaí spóirt agus ceoil, Seachtain na Gaeilge, eagraíochtaí pobail, institiúidí cultúrtha chun tacú le feachtais feasachta<br>• Spriocghrúpaí a luaitear sna freagraí: tuismitheoirí/cúramóirí, an pobal aontachtach, an lucht gnó, lánúineacha óga, inimircigh/pobail nua na hÉireann, daoine nach bhfuil acu ach an 'cúpla focal', an óige, polaiteoirí, státseirbhísigh, an pobal LADT+, daoine faoi mhíchumas<br>• Príomhtheachtaireachtaí a luaitear sna freagraí: buntáistí an dátheangachais, buntáistí úsáid na Gaeilge do ghnó (luaitear GRADAIM agus QMharc), tógáil clainne le Gaeilge, *mythbusting*<br>• Luaitear go gcaithfear úsáid na Gaeilge a spreagadh ar bhealach nach n-éascaíonn dioscúrsa ciníoch<br>• Is gá comhairliúchán forleathan poiblí a dhéanamh le cinntiú go n-oibríonn na feachtais | |
| Na Meáin Chumarsáide:<br>• Tábhacht an spóirt agus an cheoil ar TG4 chun dearcadh dearfach a chothú | 3 |
| Moltar deontais/scoláireachtaí a chur ar fáil do dhaoine le freastal ar ghearrchúrsaí Gaeltachta<br>• Luaitear Oideas Gael | 2 |
| Tacaíocht do mhír 3.2: An Ghaeilge thar lear | 2 |
| Ba cheart níos mó poiblíochta a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag Foras na Gaeilge agus ag eagraíochtaí eile Gaeilge agus Gaeltachta | 2 |
| Na Meáin Chumarsáide:<br>• Caithfear caighdeán níos airde a bhaint amach sa bhfógraíocht Ghaeilge ar an raidió agus ar an teilifís | 1 |

## Ceist 5: An bhfuil moltaí agat maidir le Mórchuspóir 4 (rialachas Fhoras na Gaeilge)?

Fuarthas 47 freagra ar an gceist seo:



Tugtar léargas sa mír seo ar na 17 bhfreagra bhailí a tugadh, chomh maith le dhá thagairt a rinneadh do Mhórchuspóir 4 faoi na ceisteanna eile. Dírítear don chuid is mó ar an easpa maoinithe d'earnáil na Gaeilge:

| **Téama/Moladh** | **Líon Freagraí ina Luaitear é** |
|---|---|
| Ba cheart níos mó acmhainní/infheistíochta a éileamh d'earnáil na Gaeilge<br>• Luaitear go sonrach acmhainní don *Phlean Fáis* agus do SFLG | 10 |
| Tábhacht na trédhearcachta agus na freagrachta | 6 |
| Tá gá le tuilleadh pleanála straitéiseach agus comhordaithe idir Foras na Gaeilge agus eagraíochtaí agus grúpaí eile | 2 |
| Ba cheart go mbeadh ionadaíocht níos leithne ar bhord Fhoras na Gaeilge (luaitear réimse an luath-oideachais, na teicneolaíochta agus na forbartha pobail ach go háirithe) | 1 |
| Tacaíocht do chlár forbartha foirne | 1 |
| Athbhreithniú agus Monatóireacht: moltar suirbhéanna poiblí a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht imeachtaí, srl. | 1 |
| Is gá an tsamhail mhaoinithe agus struchtúr na heagraíochta a athbhreithniú | 2 |
| Tábhacht na teicneolaíochta | 2 |